Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:
2023/0364(NLE)
2023/0594(NLE)**

**14380/23
ADD 1**

**AELE 32
EEE 28
N 83
ISL 42
FL 23
MI 871
SOC 696
EMPL 494**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 594 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 594 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 594 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 18.10.2023
COM(2023) 594 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011 agus (AE) 2016/589 agus lena n- aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/1149 aisghairtear, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2021, Cinneadh (AE) 2016/344 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní V agus VI agus Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 2 (Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32019 R 1149**: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 9 (Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ', arna leasú le:

   - **32019 R 1149**: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).'

---

1 IO L 186, 11.7.2019, lch. 21.
2 IO L 65, 11.3.2016, lch. 12.

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 10n, (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1482 ón gCoimisiún):

‘11. **32019 R 1149**: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011 agus (AE) 2016/589 agus lena n- aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, tuigfear gur tagairtí do Chomhaontú LEE iad tagairtí do dhlí an Aontais.

(b) D’ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí ‘Ballstát/Ballstáit’ agus ‘údaráis náisiúnta’, tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis náisiúnta ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(c) In Airteagal 1(2), cuirfear na focail ‘agus d’Údarás Faireacháin CSTE’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘don Choimisiún’ agus in Airteagal 2, cuirfear na focail ‘agus Údarás Faireacháin CSTE’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(d) In Airteagal 7(1)(e), cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Choimisiúin’ agus in Airteagal 13(13), cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, d’Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘don Choimisiún’.

(e) In Airteagail 9(9) agus 10(3), an chéad fhomhír, cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, d’Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘don Choimisiún’.

(f) In Airteagal 12, cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 3:

‘3a. Beidh Stáit CSTE iomlán rannpháirteach san Ardán agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.’

(g) In Airteagal 13:

(i) I mír 1, cuirfear na focail ‘agus Chúirt CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘na Cúirte Breithiúnais’.

(ii) I míreanna 3, 5 agus 6, cuirfear na focail ‘, ó Údarás Faireacháin CSTE, nuair atá ceann amháin nó níos mó de Stáit CSTE i gceist’ isteach tar éis na bhfocal ‘ón gCoimisiún’.

(h) In Airteagal 16(2), cuirtear isteach an abairt ‘Féadfaidh an tÚdarás cuireadh a thabhairt d’ionadaithe ó Údarás Faireacháin CSTE chuig na meithleacha agus na painéil saineolaithe mar bhreathnóirí.’ tar éis na chéad abairte den chéad fhomhír.

(i) In Airteagal 17, cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 1:

‘1a. Beidh Stáit CSTE agus Údarás Faireacháin CSTE iomlán rannpháirteach sa Bhord Bainistíochta agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais agus an Coimisiún faoi seach, cé is moite den cheart vótála.’

(j) Cuirfear an mhír seo a leanas isteach in Airteagal 26:

‘5. Glacfaidh Stáit CSTE páirt sa ranníocaíocht ón Aontas dá dtagraítear i mír 3, pointe (a). Chun na críche sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 82(1)(a) de Chomhaontú LEE agus i bPrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú sin.’

(k) Cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach in Airteagal 30:

‘De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) agus Airteagal 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, náisiúnaigh Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfar iad a fhostú faoi chonradh faoi chumhachtaí an údaráis cheapacháin atá ag an Údarás.

De mhaolú ar Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a mheas, i dtaca lena baill foirne, mar theangacha de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.’

(l) In Airteagal 32, cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 1:

‘1a. Féadfaidh Stát CSTE Oifigeach Idirchaidrimh Náisiúnta a bhaineann le Stát CSTE eile nó a bhaineann le Ballstát den Aontas a ainmniú mar a Oifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh.’

(m) Cuirfear an méid seo a leanas isteach in Airteagal 34:

‘Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí don Údarás agus dá foireann, pribhléidí agus díolúintí is coibhéiseach leo siúd atá i bPrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh.’

*Airteagal 2*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 1 (Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘- **32019 R 1149**: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).’

*Airteagal 3*

Scriostar téacs an dara fleasc d’Airteagal 15(9) de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE (Cinneadh (AE) 2016/344 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).

*Airteagal 4*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/1149 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[3*].

*Airteagal 6*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d''*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Na Rúnaithe*
*ar Chomhchoiste LEE*
*[…]*

[3] * [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

**Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha**

**i gCinneadh Uimh. …/... lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Aithníonn na páirtithe go bhfuil ionchorprú an ghnímh seo gan dochar do chur i bhfeidhm díreach Phrótacal 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir le náisiúnaigh de chuid Stáit CSTE ar chríoch gach Ballstáit den Aontas Eorpach, de bhun Airteagal 11 den Phrótacal sin.